

❖ An Lúibín ❖

18 Deireadh Fómhair 2004



Mhoilligh Dia deifir

How a misspelling in Irish can make for interesting ambiguity.

Cuireadh ar a shúile d'eagarthóir *An Lúibín* go raibh roinnt botún le fáil ó am go chéile ar na leathanaigh naofa seo - 'í ina shárshampla,' 'Co. Cill Dara,' 'seanmóir macarónach' agus eile. Botúin chló, gan amhras, agus seo ina gceart iad ar son an chuibhis: *í ina sárshampla, Co. Chill Dara, seanmhóir mhacarónach*. Deifir is cúis le hamscaíocht, agus sin mar a bhí sa chás seo; ach cén difríocht, i ndáiríre, atá idir botún cló agus botún gramadaí?

Rud neafaiseach is ea botún cló i mBéarla; smál ar chló na teanga is ea é i bhFraincis; cúis mhearbhaill agus mhíthuisceana is ea é i nGaeilge, a bhuíochas sin ar dhul agus ar chomhdhéanamh na teanga. Is iontach an gléas iad séimhiú agus urú chun bundifríochtaí a chur in iúl, agus dá bhrí sin is mairg a dhéanfaidh ciseach díobh..Ach ní mar a chéile gach ciseach. Dá gcuirfí 'áthrach' in ionad 'árthach' i leabhar éigin ní bheadh ann ach malartú litreacha; scéal eile is ea athrú túschonsan, toisc gur bunchomhartha brí é. Má tá sí siúd *ina shárshampla* in ionad a bheith *ina sárshampla*, cén cineál í? Déghnéasach, is dócha, cineál atá maith go leor sa dúlra ach nach n-oireann don ghramadach, mura deismireacht liteartha atá i gceist.

Is iomaí teanga atá ag brath ar dhifríochtaí inscne, agus a chuireann in iúl trí thuisil agus eile iad. Tá modh oibre dá gcuid féin ag na teangacha Ceilteacha sna cúrsaí seo, rud a d'fhéadfadh gruaim nó gliondar ar an bhfoghlaimoír de réir an scéil, agus a choinneodh ar a fhaichill é. Bímis buíoch de nach bhfuil orainn dul i ngleic leis an neodrach, mar a dhéanadh ár sinsir fadó.

Coinníoll teanga

Local authorities in Gaeltacht areas take linguistic considerations into account when granting building permits. Now inconsistencies are apparent.

Le tamall anuas tá scéalta ar na nuachtáin Ghaeilge faoi choinníollacha teanga i gcúrsaí pleanála. Deirtear, mar shampla, go bhfuil achomharc le cur isteach chun an Bhoird Phleanála i ngeall ar choinníoll teanga a bhaineann le tithe nua sa Spidéal. Ní í seo an chéad scéim tithíochta a tharraing conspóid ar an dóigh seo sa Spidéal i mbliana. I mí Iúil cheadaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe scéim agus gan aon Ráiteas Tionchar Teanga ag baint léi.. Ansin fuair comhlacht eile cead tithe a thógáil sa Spidéal; bhí coinníoll teanga ag baint leis an gcead pleanála, ach deir an comhlacht nach raibh sé ag baint leis an gcead imlíneach, agus tá achomharc déanta acu dá réir. Ba bheag an mhoill ar Ghrúpa Áitritheoirí cur leis an gclampar trí a n-aighneacht féin a chur isteach.

Is díol suime freisin an cead tógála a thug Comhairle Chontae Chiarraí le haghaidh tithe ar na Cúinte i mBaile an Fheirtéaraigh, agus gan aon choinníoll teanga ag baint leis. Chuir an fhaillí seo ionadh ar an tógálaí féin, fear a bhfuil lé aige leis an nGaeilge. Iarradh air Tuairisc Tionchar Teanga a ullmhú, agus b'in deireadh an scéil. Chuir mo dhuine in iúl go raibh daoine nua ag teacht isteach le tamall de bhlianta agus gur léir go leanfaidh sé sin. Dar leis go raibh an-Ghaeilge ag cuid mhaith acu agus meas acu ar dhúchas na háite, agus go raibh tábhacht ar leith leo i gcúrsaí geilleagair agus sóisialta. Dúirt sé freisin go n-iompaíodh clann

na ndaoine úd ina 'gcainteoirí dúchais'. Más mar sin atá an scéal, cén gá a bheadh le coinníoll teanga? Agus más pobal an-lag Gaeilge a bhí ann, nach n-iompóidís ar an mBéarla ar aon chuma? Dúirt an Chomhairle gurbh iad torthaí na tuairisce tionchar teanga féin ba chúis leis an gcinneadh sa chás áirithe seo, agus gur dheacair an coinníoll a chur i bhfeidhm gan bheartas náisiúnta.

An teanga san inchinn

A new study shows a remarkable change in the brains of bilingual people.

Scéal chugainn ó na heolaithe: an té a bhfuil an dá theanga aige tagann athrú suntasach ar bhall áirithe ina inchinn dá bharr, agus dá luaithe ina shaol a d'fhoghlaim sé an dara teanga is ea is mó méid a bhaill sin. Má fhoghlaimíonn tú teanga eile tar éis duit cúig bliana is tríocha a chuir díot ní bhíonn an t-athrú chomh suntasach sin.

Bhain néareolaithe ó Choláiste na hOllscoile i Londain feidhm as scrúdú inchinne chun staidéar a dhéanamh ar chúig dhuine is fiche a raibh aon teanga amháin acu, ar chúig dhuine is fiche a d'fhoghlaim teanga eile roimh chúig bliana d'aois agus ar thrí dhuine is fiche a d'fhoghlaim teanga eile tar éis cúig bliana is tríocha. Bhí Béarla acu uile ó dhúchas agus an scolaíocht chéanna orthu. Tháinig an méadú ba mhó ar na cealla sa choirtéis phairiatach íochtarach chlé in inchinn na ndaoine a d'fhoghlaim an dara teanga go hóg. Is é an chiall atá leis seo ná gur féidir líofacht duine a mheas trí mhéid an athraithe a scrúdú. Is dócha gur mór an gar duit teanga a fhoghlaim go luath i do shaol más mian leat teangacha eile a fhoghlaim ina dhiaidh sin: tá an t-ullmhú déanta. Ní fios, áfach, an bhfuil an t-athrú ag brath ar uimhir na gceall, ar thoir na gceall nó ar na nascanna idir na cealla, agus tá gá le staidéir níos cruinne dá bharr.

Táthar chun staidéar a dhéanamh anois ar dhaoine ar deacair dóibh teangacha a fhoghlaim féachaint an bhfuil a rian sin ar a n-inchinn. Déanfar scrúdú freisin ar dhaoine a bhfuil mórán teangacha acu féachaint an bhfuil baint aige sin le méid an athraithe.

Cogadh na nDomhan

A cosmic storm is raging eight million light years away - and if we live long enough, we might see one here.

Sa réaltbhuíon Híodra tá dhá mhogall ollmhóra réaltraí ag teacht salach ar a chéile. Is beag duine seachas na réalteolaithe a d'fhéadfadh an t-iombhualadh a fheiceáil: tá sé ag titim amach ócht milliún solasbhliain uainn. Rud neamhchoitianta ann féin é - de ghnáth gabhann na réaltraí thar a chéile. Is ionann solasbhliain agus an t-achar a imíonn solas i rith bliana - 9.46055×10^{15} méadar nó beagnach sé mhilliún milliún míle slí; agus tá an t-iombhualadh féin trí mhilliún solasbhliain ar leithead.

Is cosúil go bhfuil timpeall míle réaltra sa mhogall is mó acu agus gan ach trí chéad sa mhogall is lú. Tá an ceann úd chomh mór le mogall Virgo, a bhfuil Bealach na Bó Finne ar a chiumhais. Is fada atá a fhios ag na réalteolaithe go raibh na réaltraí ag dul i gcoinne a chéile láimh le Híodra, mar atá in áiteanna éigin eile, ach anois is féidir sáreolas a fháil ó eachtra Híodra i dtaobh fhás agus chomhdhéanamh na réaltraí fadó, a bhuíochas sin ar réadlann XMM-Newton ar leis an nGníomhaíocht Eorpach Spáis í.

An bhféadfadh a leithéid de thimpiste titim amach anseo? Cinnte - i gceann seacht milliún bliain. Go dtí sin ní bheidh le fulaingt againn ach na gnáthhubaistí - cogadh, gorta agus galar. Idir an dá linn leanfaidh na réaltraí orthu ag bascadh a chéile i nduibheagán an spáis, iombhualadh ollmhór imigéiniúil ar dheacair a mhéid a shamhlú, agus a d'fhéadfadh domhain a scrios.

Oileán agus oileán eile

Attention is drawn in a European court to the collusive misuse of state power.

Is minic i stair an domhain a rinneadh daoine a dhíbirt ar mhaithe le stát éigin. Dhéanadh na Rómhánaigh é, agus rinne tíoránaigh ár linne féin é; ach ní bheadh súil agat go ndéanfadh tíortha daonlathacha liobrálacha é. Nuair a chuaigh iriseoirí i mbun taighde sa Chartlann Náisiúnta i Washington agus in Oifig Náisiúnta na dTaifead i Londain, áfach, tháinig siad ar dhrochobair ba dheacair a shamhlú..

Tá Diego Garcia ar cheann de 64 oileán in oileánrach Chagos san Aigéan Indiach. Coilíneacht Briotanach é i réigiún fíorálainn. Tá daoine ina gcónaí ar Diego Garcia ón 18ú haois i leith; anuas go dtí na seascaidí bhí sráidbhailte ann, scoil, teampall, iarnród féin. Tá daoine ann go fóill, ach ní bhaineann leis an áit ó dhúchas. Cuid d'fhórsaí míleata na Stát Aontaithe is ea iad, agus ruaigeadh pobal dhá mhíle duine chun slí a dhéanamh dóibh – socrú a rinne an Bhreatain agus Meiriceá le chéile.

Thosaigh an scéal sna seascaidí nuair a bheartaigh Rialtas na Breataine ar na hoileáin a bhánú chun úsáid mhíleata a bhaint astu. Bhí Diego Garcia le 'glanadh'; cumadh scéal nach raibh i muintir na háite ach oibrithe fáin (admhaíodh go príobháideach gur bhréag ar fad é) agus maraíodh a gcuid madraí le gás mar rabhadh. Ba leor leid; cuireadh na hoileánaigh ar bord loinge, idir mhná, pháistí agus fhir, agus fágadh i bpríosún sna Seychelles iad nó gurbh fhéidir iad a thabhairt go dtí Oileán Mhuiris. D'fhág an díbirt a rian go domhain orthu: páistí ag fáil bháis, féinmharú, dífhostaíocht, drugaí, striapachas – fadhbanna nach raibh coitianta sa bhaile.

Dúirt an Aireacht Chosanta ina dhiaidh sin nach raibh pioc ina gcuid taifead faoi dhaoine a dhíbirt; na feidhmeannaigh a rinne an gníomh cheil siad an scéal ar an bParlaimint agus ar an gComhdháil Mheiriceánach araon, agus ceileadh cúiteamh féin ar na hoileánaigh. Ansin, sa bhliain 2003, baineadh feidhm as ordú Ríoga chun iad a chosc go deo ar theacht ar ais. Ach nochtadh an scéal de réir a chéile, a bhuíochas sin ar iriseoirí ar nós John Pilger

Faoi láthair tá cás na n-oileánach á thabhairt os comhair Chúirt Eorpach na gCearta Daonna. Cuma cén toradh a bheidh air seo, léirigh gach ar tharla brí an tsean-natha: Má bhíonn moráltacht agus cuspóirí stáit in achrann le chéile, bíonn an bua ag cuspóirí stáit.



Longa

Irish maritime trade in the 16th century.

Ar feadh an 16ú haois bhí cuanta na hÉireann lán de longa, iad beag go leor de réir shlat tomhais an lae inniu; claonadh acu chun dul i méid le himeacht aimsire, ach gan aon toirt mhór iontu go fiú i ndeireadh na haoise. Tile ard orthu, a dó nó a trí de chrainn iontu, cábán cúng don mháistir, agus mioneolas aige sin faoi na cuanta sa bhaile agus i gcéin; agus foireann bheag gan sócúl. B'annamh ba leis na ceannaithe féin na longa; b'fhearr leo iad a bheith ar léas acu.

Longa iad den saghas atá le feiceáil i sceitse a rinneadh sa 16ú haois de chuan Charraig Fhearghais, agus is díol spéise an chuma atá ar an longphort féin: an 'castell' cois farraige agus roinnt foirgneamh gan díon lena ais; dhá dhaingean déag (*tower houses* an Bhéarla) agus roinnt tithe móra eile in éineacht le neart bothán Gaelach; seanmhainistir agus teampall ar imeall na háite. Baile mór 'Sasanach' é, ach neart Gaeilge le cloisteáil ann. Is dóigh go mbeadh margadh ann, muintir na tuaithe ag plódú isteach lena gcuid beithíoch agus le hearraí de dhéantús na tuaithe. Tá cé ann atá déanta de chlocha carntha, saghas crannaigh ina timpeall, agus dhá long bheaga ar ancaire lena hais. Tá dhá chrann sa long is mó acu; crann fada

spreoide chun tosaigh; seol mór agus seol uachtair ar an gcrann mór, iad corntha agus slat an tseoil mhóir íslithe, mar ba ghnáth i gcaladh; seol laidíneach corntha ar an gcrann deiridh. Tá iarracht déanta ar an rigín a léiriú: staghanna, tacaí, scríútaí, háilléir. Seo an saghas loinge a thugadh earraí ó chuan go cuan.

Bhí na ceannaithe gnóthach i mBaile Átha Cliath, i gCorcaí, i bPort Láirge agus sna seanchathracha eile, agus cuntas ar a gcuid long á bhreacadh ar na leabhair ag lucht custaim ag Briostó, Plymouth, Poole agus longfort eile Shasana – foinsí ar bhain scoláirí (leithéidí Ada Longfield) tairbhe astu le léargas a thabhairt ar chúrsaí tráchtála.

The xiiiith of Marche. In the Elizabeth of Waterford of the burthen of xxx tonnes, Master Richard Kelly, from Waterford to Hampton. Ffor Henry Fagan of Waterford, master, thyrtene remnantes makinge eighte peeces of fryze, twenty lytle mantelles and syxe rugg gownes.

Cuid den saol Gaelach ba ea na longa seo agus an trádáil a bhí ar siúl acu; bhíodh Gaeilge á labhairt go forleathan i mBaile Átha Cliath féin, ar na céanna, sna sráideanna, sna tithe tábhairne. As na tiarnais Ghaelacha a thagadh na hearraí a thugadh na longa seo anonn leo: seithí, olann, adhmaid, na fallaingí móra Gaelacha a chosnódh ar an tsíon ba dhéine thú, agus an-éileamh orthu thar lear. Thugadaís earraí míne ar ais leo, an fíon go háirithe.

Cúrsaí creidimh agus trádála a cheangail Éire agus an Eoraip dá chéile. Longa ag triall ar an Spáinn le lasta, agus Gaeilge na gréine ag a bhfoireann dá bharr. An-eolas ag na máistrí faoi chúrsaí thall, rud a chuir feidhmeannaigh na Banríona á gceistiú le linn an Chabhlaigh Mhóir – an *Armada*. Leathnú ar an dúchas ba ea an trádáil, cultúr farraige a raibh Gaeilge, Béarla, Ollainnis, Spáinnis agus eile measctha tríd.

Tháinig an talamh i seilbh tiarnaí nua sa 17ú haois, agus bhí an tír suaithe dá réir, rud a chuireadh as do na ceannaithe: ach níor stad an mhuirthráchtáil ar fad. Bhí na longa ag dul i bhfeabhas, ach bhí saol an mhairnéalaigh mar a bhí riamh: drochchothú, contúirt, síorfhluchras. Agus bhí contúirt neamhchoitianta ann: foghlaithe mara as an Ailgéir, foghlaithe arbh Eorpaigh iad fein ó cheart go minic agus nár dhada acu dul ó thuaidh ar lorg creiche. Iadsan a d'fhuadaigh long darbh ainm an 'Kestrel' in aice le Port Láirge agus a thóg abhaile leo í; ach (rud ab annamh) d'éirigh leis an gcriú an long a ghabháil arís agus í a thabhairt abhaile.



Colin Ryan
colger@ato.gov.au